



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815-1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

### *Treoracha d'iarrthóirí:*

Tabhair faoi Roinn 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)  
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.  
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.  
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

**CLG go 1891**

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
  - (a) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, cén rud ar spreag na cluichí náisiúnta agus na caithimh aimsire i muintir na hÉireann é tráth?
  - (b) I ndoiciméad A, cad a deir an Daibhéadach is ciontach le hógfhir na hÉireann a bheith i ndroch-riocht go fisiciúil?
  - (c) I ndoiciméad B1, cad é an post a bhíodas tar éis a thairiscint do Pharnell?
  - (d) I ndoiciméad B2, cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag Liam Ó Briain cabhrú le CLG? (20)
  
2.
  - (a) Luaigh slí amháin ina n-aontaíonn doiciméad A le gach ceann de na litreacha i ndoiciméad B1 agus doiciméad B2.
  - (b) Cé acu doiciméad, A nó B1 nó B2, a thairgeann an chabhair is praiticiúla do CLG? Mínigh do fhreagra. (20)
  
3.
  - (a) I ndoiciméad A, an gceapann an Daibhéadach gur páirt de bhriseadh níos leithne leis an mBreatain é bunú CLG? Mínigh do fhreagra.
  - (b) Cad tá le foghlaim againn faoi phearsantacht Pharnell ó staidéar criticiúil ar dhoiciméad B1? (20)
  
4. Cén chaoi ar dhéileáil CLG leis na deacrachtaí a bhí le sárú aige idir 1884 agus 1891? (40)

**- Doiciméad A -**

**Litir ó Mhicheál Mac Daibhéid chuig Micheál Cíosóg**

Londain,  
Deireadh Fómhair 30, 1884.

A Uasail Cíosóg, a chara,

Tá brón orm nach bhfuil sé ar mo chumas a bheith i láthair ag an gcruinniú a d'fhógair tú a bheidh ar siúl i nDurlas ar an Satharn. Maidir le hiarracht ar bith a dhéanfar chun athbheochan a dhéanamh ar an dúil náisiúnta i gcluichí agus i gcaithimh aimsire ar nós na gceann a bhí ann tráth agus a chothaigh neart sna matáin agus iompar fearúil inár sinsir Ghaelacha, beidh mé sásta cabhrú leis.

Sa ghnó seo agus i gcuid mhaith cúrsaí eile, ba cheart dúinn sinn féin a scaradh amach ó riail agus ó phátrúnacht Shasana agus cosc a chur le díothú na spórt Ceilteach sin, a bhfuil an chríoch chéanna i ndán dóibh, an chaoi a bhfuil nósanna Sasanacha ag cúngú orthu is ag bagairt ar ár náisiúnachas atá faoi riail an eachtrannaigh.

Ar ndóigh, is mó cúis atá ann nach bhfuil déanamh an choirp atá ag ár muintir chomh forbartha agus ba chóir dó a bheith, ach níl aon amhras i dtaobh cúis amháin atá leis an siúl agus an dealramh meata (leice) atá ag an gcuid is mó dár bhfir óga sa bhaile: iad a bheith ar easpa na gcluichí agus na gcaitheamh aimsire a thuill cáil do na hÉireannaigh mar chine saighdiúrtha féinmhuiníneach .

Le dea-mhéin,  
Micheál Mac Daibhéid.

**- Doiciméad B1 -**

**Litir ó C.S. Parnell chuig Micheál Cíosóg**

Oifig Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann,  
Palace Chambers,  
Londain Thiar Theas.  
Nollaig 17, 1884.

A chara,

Fuair eas do litir a sheol tú chugam ar an 11ú lá den mhí seo. Is mór an sásamh dom go bhfuil Cumann Lúthchleas Gael bunaithe chun na cluichí náisiúnta a chaomhnú, mar sin aidhm a bhfuilimse go mór ina fhabhar.

Measaim gur mór an onóir dom an rún a ritheadh ag an gcruinniú i nDurlas agus glacaim le buíochas leis an bpost atá á thairiscint dom mar phátrún ar an gcumann. Ní gá dom a rá go ndéanfaidh mé pé rud gur féidir liom chun go n-éireoidh le hobair na gluaiseachta.

Mise, le meas,  
Séarlas S Parnell

**- Doiciméad B2 -**

**Litir ó Liam Ó Briain chuig Micheál Cíosóg**

*Éire Aontaithe,*  
Baile Átha Cliath,  
Nollaig 24, 1884.

A Uasail Cíosóg, a chara,

Faoi mar is eol duit, táim tar éis an-suim a chur ó thús sa ghluaiseacht atá bunaithe chomh díograiseach sin agat chun ár gcluichí náisiúnta a athbheochan agus cuirfidh mé spás áirithe ar fáil gach seachtain in *Éire Aontaithe* (nuachtán) chun cabhrú leat an ghluaiseacht a scaipeadh agus meas air a chothú i measc an phobail.

Le meas,  
Liam Ó Briain.

**ROINN 2: ÉIRE**  
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*  
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

Freagair **ceist amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Gluaiseacht Éire Óg agus cad a d'éirigh leis a thabhairt i gcrích? (100)
2. Cé chomh sásúil agus a bhí iarrachtaí an Rialtais chun plé leis an nGorta Mór sa tréimhse 1845–1849? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag teacht na n-iarnród ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar? (100)
4. Cén chaoi a raibh tionchar ag an gCairdinéal Pól Ó Cuilinn ar dhearcaí polaitíochta agus ar ghnásanna reiligiúin in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 3*  
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Freagair **ceist amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Pádraig Mac Piarais agus cad a d'éirigh leis a thabhairt i gcrích? (100)
2. Conas a d'fhorbair an caidreamh Angla-Éireannach i rith na tréimhse 1923–1949? (100)
3. Cén chaoi ar cuireadh féiniúlacht chultúrtha chun cinn in Éirinn, thuaidh agus theas, idir 1920 agus 1949? (100)
4. Tar éis thréimhse an chogaidh a chur de, cén tslí ina raibh difríocht idir Béal Feirste na bliana 1945 agus an chaoi a raibh an chathair sa bhliain 1939? (100)

*Éire: Topaic 4*  
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhthreochtaí a bhain leis an imirce as Éirinn i rith na tréimhse, 1840-1920? (100)
2. Ar éirigh le misean de Valéra go Meiriceá (Meitheamh 1919 go Nollaig 1920) nó ar theip air? Déan cás a áiteamh ar son na tuairime atá agat. (100)
3. Cé chomh mór agus a ghlac Éireannaigh páirt sa pholaitíocht sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain i rith na tréimhse 1850–1966? (100)
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh leis an Eaglais Chaitliceach agus le CLG tuiscint don Éireannachas a chaomhnú i measc na n-imirceach Éireannach? (100)

*Éire: Topaic 5*  
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag tionscnamh an stáit leasa shóisialaigh i dTuaisceart Éireann ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: oideachas; sláinte; tithíocht? (100)
2. Tabhair cúiseanna le titim Stormont agus le cliseadh Choiste Feidhmiúcháin na Comhchumhachta, 1973-1974. (100)
3. Cén tábhacht a bhain le gach ceann díobh seo a leanas: an Comhaontú Angla-Éireannach, 1985; Forógra Shráid Downing, 1993? (100)
4. Cad iad na fadhbanna agus cad iad na deiseanna a chuir an tÉacúiméineachas ar fáil don tsochaí i dTuaisceart Éireann idir 1965 agus 1993? (100)

*Éire: Topaic 6*  
**An rialtas, an gheilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhthréithe a bhain leis an gCéad Chlár um Fhorbairt Eacnamaíochta, 1958–1963, agus cé chomh maith agus a bhí sé don gheilleagar agus don tsochaí? (100)
2. Cad iad na hathruithe a thug an rialtas isteach i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: oideachas; sláinte; leas sóisialach? (100)
3. Cad é an tionchar a bhí ag ballraíocht san CEE ar gheilleagar agus ar shochoaí na hÉireann tar éis 1973? (100)
4. Cad é an tionchar a bhí ag duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar shochoaí na hÉireann: an tArdeaspag Seán Séarlas Mac Uaid; Gay Byrne; Breandán Ó hEithir; Máire Mhic Róibín. (100)

**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**Náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a d'éirigh leis an náisiúnachas sna Balcáin idir 1815 agus 1871? (100)
2. Conas a chuaigh an ghluaiseacht ar son aontú na hIodáile chun cinn sna blianta anuas go dtí 1871? (100)
3. I rith na tréimhse 1815–1871, cad iad na príomhthréithe a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: tionsclú; ceardchumannachas; sóisialachas? (100)
4. Cén t-ionchur a bhí ag Charles Darwin agus/nó ag Victor Hugo i stair na n-idéanna? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén chaoi ar chuidigh polasaí cabhlaigh Wilhelm II agus/nó teannais Fhranc-Ghearmánacha le briseadh amach an Chéad Chogaidh Dhomhanda? (100)
2. Cén ról a ghlac an tUachtarán Woodrow Wilson i gcúrsaí na hEorpa sna blianta anuas go 1920? (100)
3. Cén fáth a raibh géarchéimeanna eacnamaíochta agus polaitíochta sa Rúis faoi na Sáir sna blianta tar éis 1900? (100)
4. Cén fáth ar tugadh onóir do Wilfred Owen, mar shaighdiúir agus mar fhile, as an ról a bhí aige sa Chéad Chogadh Domhanda? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a bhí ag Tríú Poblacht na Fraince idir 1920 agus 1940? (100)
2. Cad iad na príomhthréithe a bhain leis an stát Naitsíoch sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939? (100)
3. Cad iad na cúiseanna a bhí le Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936, agus cad iad na hiarmhairtí a tháinig as? (100)
4. Ce chomh tábhachtach agus a bhí an ról a ghlac an tAontas Sóivéadach sa Dara Cogadh Domhanda? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén chaoi ar chuidigh “Sóivéidiú” Oirthear na hEorpa agus/nó Géarchéim Bheirlín, 1948-49, le teannais an Chogaidh Fhuair a chothú san Eoraip? (100)
2. Tabhair míniú ar fhoinse agus ar fhorbairt Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE), idir 1945 agus 1973. (100)
3. Cén chaoi ar tháinig athrú ar an bpósadh, ar an teaghlach agus ar ról na mban i sochaí na hEorpa idir 1945 agus 1992? (100)
4. Cad iad na hathruithe a thug Dara Comhdháil na Vatacáine isteach agus conas a bhí tionchar ag na hathruithe sin ar chleachtais chreidimh san Eoraip? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén bunús a bhí le Géarchéim Shuais, 1956, agus cén tionchar a bhí aige ar ionad na Breataine sa domhan? (100)
2. Cén fáth ar bhris Katanga leis an gCongó agus conas a bhí tionchar aige sin ar an gcaidreamh idir an dá stát? (100)
3. Cé chomh maith agus a d’éirigh le polasaí ujamaa Julius Nyerere? (100)
4. Cad iad na fadhbanna agus cad iad na deiseanna a chuir an ilíocht chultúrtha os comhair na sochaí sa Bhreatain idir 1960 agus 1990? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan mór, 1945-1989**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag *McCarthyism* agus/nó ag an ngluaiseacht in aghaidh an chogaidh ar pholasaí eachtrach SAM, 1945-1972? (100)
2. Cén tslí inar chuir bagheat na mbusanna in Montgomery, 1956, cúis na gceart sibhialta chun tosaigh? (100)
3. Cén t-ionchur a bhí ag Betty Friedan agus/nó ag Norman Mailer i sochaí na Stát Aontaithe? (100)
4. Cad iad na forbairtí ba shuntasá i bpolasaí eachtrach na Stát Aontaithe, 1973-1989? (100)

# **Leathanach Bán**